

Tionchar claochluithe digiteacha ar leanaí agus ar an óige - An Ghlúin Dhigiteach

AN TIONSCADAL

Le tionscadal DigiGen, forbraítear eolas suntasach ar an gcaoi a n úsáideann leanaí agus daoine óga na claochluithe teicneolaíochta, agus ar an gcaoi a dtéann na claochluithe sin i bhfeidhm orthu, ina saol laethúil. Tá idir éifeachtaí díobhálacha agus éifeachtaí tairbheacha na teicneolaíochta i saol laethúil leanaí agus daoine óga á nochtadh ag an tionscadal. Cuimsítear leo sin béim ar an teaghlach, institiúidí oideachais, am fóillíochta, agus rannpháirtíocht shibhialta leanaí agus daoine óga.

Tá eolas nua á chur ar fáil ag DigiGen ar na bacainní a bhonn le sárú ag leanaí ó chúirí éagsúla, agus ar na deiseanna a bhíonn acu, i ndáil leis an teicneolaíocht. Tá beartais agus cleachtas éifeachtacha shóisialta, oideachais, sláinte agus sábháilteachta ar líne á bhforbairt ag an tionscadal i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá sé d'acmhainn ag DigiGen cur go mór le forbairt samhlacha míniúcháin lena gcuirfear eolas ar fáil do pháirtithe leasmhara agus do chleachtóirí ábhartha ar éifeachtaí fadtréimhseacha TFC ar forbairt leanaí, agus beidh béim ar leith ann ar na nithe seo a leanas:

- tosca riosca
- tosca acmhainneachta
- tosca feabhsúcháin

MODHANNA

Baintear leas sa tionscadal as modhanna taighde éagsúla chun modheolaíochtaí rannpháirteacha láidre nua a fhorbairt lena ndéanfar leanaí agus daoine óga a chuimsiú mar chomhthhaighdeoirí, mar chomhchruithaitheoirí agus mar chomhdhearthóirí. I measc na modhanna éagsúla nuálacha bailithe sonraí, cuimsítear dearadh staidéir modhanna measctha agus triantánú modheolaíoch, staidéir eitneagrafacha il-láithreán agus chomparáideacha, cur chuige ilmhódach, agallaimh agus dialanna. Tagann an fhoireann taighde idirdhisceiplínigh don tionscadal seo de chuid Fhís 2020 ó naoi dtír éagsúla san Eoraip.

PRÍOMHSHONRAÍ

Dáta tosaithe:
Mí na Nollag, 2019

Fad:
36 mhí

Arna chistiú ag:
Fís 2020
Uimhir an Chomhaontaithe Deontais 870548

Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach:
EUR 3 mhilliún

COMHALTAÍ AN CHUIBHREANNAIS

OSLOMET

PANTEION UNIVERSITY
DEPARTMENT OF
SOCIAL POLICY

UNIVERSITY OF
LEICESTER

Universitat
de Girona

Osterreichisches Institut für Familienforschung
Austrian Institute for Family Studies

universität
wien

PADERBORN UNIVERSITY
The University for the Information Society


UNIVERSITATEA
BABEȘ-BOLYAI

TALLINN UNIVERSITY
School of Governance,
Law and Society

Co
ce
FAMILIES
EUROPE

Tionchair an éiceachórais ar an nGlúin Dhigiteach

Téann caidrimh agus idirghníomhaíocht le teaghlach an linbh agus laistigh den teaghlach, oideachas, am fóillíochta agus rannpháirtíocht shibhialta i bhfeidhm ar a fhorbairt



| Teaghlach | Oideachas | Am fóillíochta | Rannpháirtíocht shibhialta |
|---|---|--|---|
| Cén chaoi a múnlaítear saol laethúil theaghlaigh na hEorpa mar thoradh ar athruithe teicneolaíocha? | Cén chaoi a mbreathnaíonn daoine óga ar a n-oideachas i dtéarmaí iad a ullmhú don saol mar dhuine fásta sa ré dhigiteach? | Cén chaoi a n athraítear cleachtais laethúla a bhaineann le ham fóillíochta mar thoradh ar úsáid TFC, agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur ar idirghníomhaíochtaí sóisialta agus ar shealbhú scileanna sóisialta? | Cad iad na tosca socheacnamaíocha, na tosca inscneacha agus na tosca a bhaineann leis an gcultúr polaitiúil a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht pholaitiúil dhigiteach na ndaoine óga? |

Cuireann DigiGen le teoríc na gcóras éiceolaíoch (Bronfenbrenner) agus baineann sé úsáid freisin as an teicneolaíochas (Johnson & Pupilampu)